II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1135 ÓN gCOIMISIÚN

an 9 Iúil 2021

lena mbunaítear uasteorainneacha buiséid le haghaidh 2021 is infheidhme maidir le scéimeanna tacaíochta dírí áirithe dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 637/2008 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagail 22(1), 36(4), 42(2), 47(3), 49(2), 51(4) agus 53(7) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcás gach Ballstáit a bhfuil scéim na híocaíochta bunúsaí dá bhforáiltear i gCaibidil 1 de Theideal III de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 á cur chun feidhme aige, ní mór don Choimisiún an uasteorainn náisiúnta bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 22(1) den Rialachán sin le haghaidh 2021 a shocrú trí na huasteorainneacha a shocraítear i gcomhréir le hAirteagail 42, 47, 49, 51 agus 53 den Rialachán sin a bhaint as an uasteorainn náisiúnta bhliantúil a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin. I gcomhréir le hAirteagal 22(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, cuirfear san áireamh aon mhéadú a chuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm de bhun na forála sin.

(2) I gcás gach Ballstáit a bhfuil scéim na híocaíochta bunúsaí dá bhforáiltear i gCaibidil 1 de Theideal III de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 á cur chun feidhme aige, ní mór don Choimisiún an uasteorainn náisiúnta bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 36(4) den Rialachán sin le haghaidh 2021 a shocrú trí na huasteorainneacha a shocraítear i gcomhréir le hAirteagail 42, 47, 49, 51 agus 53 den Rialachán sin a bhaint as an uasteorainn náisiúnta bhliantúil a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin. I gcomhréir le hAirteagal 36(4), an dara fomhír, den Rialachán sin, agus an uasteorainn náisiúnta bhliantúil á socrú don scéim íocaíochta aonair limistéir, cuirfidh an Coimisiún san áireamh aon mhéadú a chuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm de bhun na forála sin.

(3) I gcás gach Ballstáit a bhfuil an íocaíocht athdháilte dá bhforáiltear i gCaibidil 2 de Theideal III de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 á deonú aige, ní mór don Choimisiún an uasteorainn náisiúnta bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 42(2) den Rialachán sin le haghaidh 2021 a shocrú ar bhonn an chéatadáin arna lua san fhógra ó na Ballstáit sin de bhun Airteagal 42(1) den Rialachán sin.

(4) Maidir leis an íocaíocht i leith na gcleachtas talmhaíochta chun leasa na haeráide agus an chomhshaoil dá bhforáiltear i gCaibidil 3 de Theideal III de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 in 2021, ní mór na huasteorainneacha náisiúnta bliantúla dá dtagraítear in Airteagal 47(3) den Rialachán sin le haghaidh 2021 a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 47(1) den Rialachán sin agus ag 30 % d'uasteorainn náisiúnta an Bhallstáit ábhartha mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 608.

(5) I gcás na mBallstát a bhfuil an íocaíocht le haghaidh limistéir atá faoi shrianta nádúrtha dá bhforáiltear i gCaibidil 4 de Theideal III de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 á deonú acu, ní mór don Choimisiún na huasteorainneacha bliantúla náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 49(2) den Rialachán sin le haghaidh 2021 a shocrú ar bhonn an chéatadáin arna lua san fhógra ó na Ballstáit ábhartha de bhun Airteagal 49(1) den Rialachán sin.

(6) Maidir leis an íocaíocht d'fheirmeoirí óga dá bhforáiltear i gCaibidil 5 de Theideal III de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, ní mór don Choimisiún na huasteorainneacha náisiúnta bliantúla dá dtagraítear in Airteagal 51(4) den Rialachán sin le haghaidh 2021 a shocrú ar bhonn an chéatadáin arna lua san fhógra ó na Ballstáit de bhun Airteagal 51(1) den Rialachán sin agus ní mór gan iad a bheith níos airde ná 2 % den uasteorainn náisiúnta a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin.

(7) I gcás ina rachaidh méid iomlán na híocaíochta d'fheirmeoirí óga a ndearnadh iarratas ina leith in 2021 i mBallstát thar an uasteorainn a shocraítear don Bhallstát sin de bhun Airteagal 51(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, ní mór don Bhallstát an difríocht a mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal 51(2) den Rialachán sin agus an t-uasmhéid a leagtar síos in Airteagal 51(1) den Rialachán sin á urramú aige. Ar mhaithe le soiléireacht, is iomchuí an t-uasmhéid sin a shocrú i gcás gach Ballstáit.

(8) I gcás gach Ballstáit a bhfuil an tacaíocht chúpláilte dheonach dá bhforáiltear i gCaibidil 1 de Theideal IV de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 á deonú aige in 2021, ní mór don Choimisiún an uasteorainn náisiúnta bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 53(7) den Rialachán sin le haghaidh 2021 a shocrú ar bhonn an chéatadáin arna lua san fhógra ón mBallstát ábhartha de bhun Airteagal 54(1) den Rialachán sin.

(9) A mhéid a bhaineann leis an mbliain 2021, is ar an 1 Eanáir 2021 a cuireadh tús le cur chun feidhme na scéimeanna tacaíochta dírí dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013. Ar mhaithe le comhsheasmhacht idir infheidhmeacht an Rialacháin sin le haghaidh bhliain éilimh 2021 agus infheidhmeacht na n-uasteorainneacha buiséid comhfhreagracha, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón dáta céanna.

(10) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, tá siad i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Íocaíochtaí Díreacha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Na huasteorainneacha náisiúnta bliantúla le haghaidh 2021 don scéim íocaíochta bunúsaí dá dtagraítear in Airteagal 22(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, leagtar amach iad i bpointe I den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Na huasteorainneacha náisiúnta bliantúla le haghaidh 2021 don scéim íocaíochta aonair limistéir dá dtagraítear in Airteagal 36(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, leagtar amach iad i bpointe II den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

3. Na huasteorainneacha náisiúnta bliantúla le haghaidh 2021 don íocaíocht athdháilte dá dtagraítear in Airteagal 42(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, leagtar amach iad i bpointe III den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

4. Na huasteorainneacha náisiúnta bliantúla le haghaidh 2021 don íocaíocht i leith na gcleachtas talmhaíochta chun leasa na haeráide agus an chomhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 47(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, leagtar amach iad i bpointe IV den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

5. Na huasteorainneacha náisiúnta bliantúla le haghaidh 2021 don íocaíocht le haghaidh na limistéar sin atá faoi shrianta nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 49(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, leagtar amach iad i bpointe V den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

6. Na huasteorainneacha náisiúnta bliantúla le haghaidh 2021 don íocaíocht d'fheirmeoirí óga dá dtagraítear in Airteagal 51(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, leagtar amach iad i bpointe VI den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

7. Na huasmhéideanna le haghaidh 2021 don íocaíocht d'fheirmeoirí óga dá dtagraítear in Airteagal 51(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, leagtar amach iad i bpointe VII den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

8. Na huasteorainneacha náisiúnta bliantúla le haghaidh 2021 don tacaíocht chúpláilte dheonach dá dtagraítear in Airteagal 53(7) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, leagtar amach iad i bpointe VIII den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 9 Iúil 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

I. **Uasteorainneacha náisiúnta bliantúla don scéim íocaíochta bunúsaí dá dtagraítear in Airteagal 22(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013**

(míle EUR)

Bliain féilire	2021
an Bheilg	220 516
an Danmhairg	510 443
an Ghearmáin	2 881 039
Éire	814 613
an Ghréig	1 068 840
an Spáinn	2 791 396
an Fhrainc	3 025 957
an Chróit	164 601
an Iodáil	2 074 792
Lucsamburg	22 741
Málta	650
an Ísiltír	460 278
an Ostair	458 384
an Phortaingéil	288 469
an tSlóivéin	72 302
an Fhionlainn	258 372
an tSualainn	391 520

II. **Uasteorainneacha náisiúnta bliantúla don scéim íocaíochta aonair limistéir dá dtagraítear in Airteagal 36(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013**

(míle EUR)

Bliain féilire	2021
an Bhulgáir	376 265
an tSeicia	464 763
an Eastóin	125 439
an Chipir	29 400
an Laitvia	168 899
an Liotuáin	220 860
an Ungáir	712 920
an Pholainn	1 535 543
an Rómáin	935 992
an tSlóvaic	216 589

III. **Uasteorainneacha náisiúnta bliantúla don íocaíocht athdháilte dá dtagraítear in Airteagal 42(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013**

(míle EUR)

Bliain féilire	2021
an Bheilg	45 157
an Bhulgáir	55 362
an Ghearmáin	323 453
an Fhrainc	673 644
an Chróit	36 497
an Liotuáin	85 495
an Pholainn	278 884
an Phortaingéil	55 302
an Rómáin	104 163
an tSlóvaic	11 100

IV. **Uasteorainneacha náisiúnta bliantúla don íocaíocht i leith na gcleachtas talmhaíochta chun leasa na haeráide agus an chomhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 47(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013**

(míle EUR)

Bliain féilire	2021
an Bheilg	148 478
an Bhulgáir	236 588
an tSeicia	254 432
an Danmhairg	240 600
an Ghearmáin	1 386 226
an Eastóin	57 215
Éire	355 885
an Ghréig	539 123
an Spáinn	1 440 177
an Fhrainc	2 020 932
an Chróit	109 490
an Iodáil	1 088 559
an Chipir	14 294
an Laitvia	94 217
an Liotuáin	170 990
Lucsamburg	10 030
an Ungáir	391 715
Málta	1 573

an Ísiltír	198 415
an Ostair	203 275
an Pholainn	1 008 015
an Phortaingéil	204 262
an Rómáin	567 542
an tSlóivéin	39 459
an tSlóvaic	125 125
an Fhionlainn	154 714
an tSualainn	205 703

V. **Uasteorainneacha náisiúnta bliantúla don íocaíocht le haghaidh na limistéar sin atá faoi shrianta nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 49(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013**

(míle EUR)

Bliain féilire	2021
an Danmhairg	2 857
an tSlóivéin	2 078

VI. **Uasteorainneacha náisiúnta bliantúla don íocaíocht d'fheirmeoirí óga dá dtagraítear in Airteagal 51(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013**

(míle EUR)

Bliain féilire	2021
an Bheilg	9 367
an Bhulgáir	2 117
an tSeicia	1 696
an Danmhairg	15 238
an Ghearmáin	46 208
an Eastóin	1 240
Éire	23 726
an Ghréig	35 942
an Spáinn	96 012
an Fhrainc	67 364
an Chróit	7 299
an Iodáil	72 571
an Chipir	476
an Laitvia	3 831
an Liotuáin	7 125
Lucsamburg	501

an Ungáir	5 223
Málta	21
an Ísiltír	13 228
an Ostair	13 552
an Pholainn	33 600
an Phortaingéil	13 617
an Rómáin	21 091
an tSlóivéin	1 973
an tSlóvaic	1 706
an Fhionlainn	5 157
an tSualainn	13 714

VII. **Uasmhéideanna don íocaíocht d'fheirmeoirí óga dá dtagraítear in Airteagal 51(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013**

(míle EUR)

Bliain féilire	2021
an Bheilg	9 899
an Bhulgáir	15 773
an tSeicia	16 962
an Danmhairg	16 040
an Ghearmáin	92 415
an Eastóin	3 814
Éire	23 726
an Ghréig	35 942
an Spáinn	96 012
an Fhrainc	134 729
an Chróit	7 299
an Iodáil	72 571
an Chipir	953
an Laitvia	6 281
an Liotuáin	11 399
Lucsamburg	669
an Ungáir	26 114
Málta	105
an Ísiltír	13 228
an Ostair	13 552
an Pholainn	67 201

an Phortaingéil	13 617
an Rómáin	37 836
an tSlóivéin	2 631
an tSlóvaic	8 342
an Fhionlainn	10 314
an tSualainn	13 714

VIII. **Uasteorainneacha náisiúnta bliantúla don tacaíocht chúpláilte dheonach dá dtagraítear in Airteagal 53(7) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013**

(míle EUR)

Bliain féilire	2021
an Bheilg	81 801
an Bhulgáir	118 294
an tSeicia	127 216
an Danmhairg	32 863
an Eastóin	6 821
Éire	3 000
an Ghréig	178 331
an Spáinn	573 817
an Fhrainc	1 010 466
an Chróit	54 745
an Iodáil	468 806
an Chipir	3 812
an Laitvia	47 108
an Liotuáin	85 495
Lucsamburg	160
an Ungáir	195 857
Málta	3 000
an Ísiltír	3 350
an Ostair	14 229
an Pholainn	504 007
an Phortaingéil	133 521
an Rómáin	272 554
an tSlóivéin	17 099
an tSlóvaic	62 562
an Fhionlainn	101 080
an tSualainn	89 138